

**AN CHOMHAIRLE AIREACHTA  
THUAIDH/THEAS**

**CRUINIÚ IOMLÁNACH**

**ARD MHACHA, 28 MEITHEAMH 2002**

**COMHRÁITEAS**

Iarrtar ar an Chomhairle an Comhráiteas atá ag gabháil leis seo a  
chomhaontú

**Comhrúnaíocht  
28 Meitheamh 2002**

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

## CRUINIÚ IOMLÁNACH

ARD MHACHA, 28 MEITHEAMH 2002

### COMHRÁITEAS

4. Tionóladh an ceathrú cruinniú iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) in Óstán Chathair Ard Mhacha, Ard Mhacha ar an Aoine 28 Meitheamh 2002.
2. Ba é an Rt Hon. David Trimble, MP, CTA, Céad-Aire, agus Mark Durkan, Uasal, CTA, LeasChéad-Aire a bhí i gceannas thoscaireacht Riarachán Thuaisceart Éireann agus a rinne comhchathaoirleacht ar an chruinniú.  
I gceannas thoscaireacht Rialtas na hÉireann bhí an Taoiseach, An tUasal Bertie Ahern. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht ag gabháil leis seo in Iarscríbhinn.
3. Ag an chruinniú iomlánach rinneadh athbhreithniú ar an chlár oibre a chuir sé ar siúl ag an chéad chruinniú aige in Ard Mhacha i Nollaig, 1999.

### FÓRAM COMHAIRLEACH THUAIDH/THEAS Á BHUNÚ

4. Bhreithnigh an Chomhairle moltaí a cuireadh chun tosaigh ag meitheal oibre an fhórait comhairligh, i ndiaidh comhairliú le Fóram Saoránaíochta Thuaisceart Éireann agus na páirtnéirí sóisialta sa Deisceart atá rannpháirteach sa Mheicníocht Athbhreithnithe Lárnach den Chlár um Rathúnas agus Cothroime.
5. Chomhaontaigh an Chomhairle ar struchtúr creatlaí d'Fhóram Comhairleach Thuaidh/Theas. Tionólfar comhdháil dhá uair sa bhliain, ó thuaidh agus ó dheas faoi seach, ar a mbeidh ionadaithe ón tsochaí shibhialta, thuaidh agus theas. Déanfar an chéad chomhdháil a phleanáil agus a eagrú ag coiste stiúrtha ar baill iad d'Fhóram Saorántachta Thuaisceart Éireann agus de pháirtnéirí sóisialta sa Deisceart atá rannpháirteach sa Mheicníocht Athbhreithnithe Lárnach den Chlár um Rathúnas agus Cothroime, i

gcomhar leis an dá riarachán. Lena chois sin cuirfidh an coiste stiúrtha cuireadh ar ionadaithe ó réimse d'eagraíochtaí ábhartha, thuaidh agus theas, chun páirt a ghlacadh sa chomhdháil.

### **ACHAIR CHOMHOIBRITHE**

6. Thug an Chomhairle dá haire an anailís a cuireadh chun tosaigh ag an mheitheal oibre agus d'aontaigh gur chóir do na hAirí cuí an cás a bhreithniú ina n-earnálacha CATT féin faoi cé acu bhí míreanna atá sna hachair chomhoibrithe cheana a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa chlár oibre acu don am atá le teacht. Maidir le comhoibriú Thuaidh/Theas atá ar siúl faoi láthair taobh amuigh den CATT, comhaontaíodh go mbreithneodh Airí moltaí na meithle oibre. De bhreis air sin thacaigh an Chomhairle le tuairim na meithle go bhféadfadh an dá thaobh leas a bhaint as comhoibriú in achair ar nós infheistíocht stráitéiseach agus bonneagar stráitéiseach (agus cúrsaí a bhaineann le hiompar stráitéiseach san áireamh). D'aithin an Chomhairle go mbeadh gá le saincheadú ó Thionól Thuaisceart Éireann agus ó Thithe an Oireachtais d'aon leathnú ar chlár oibre reatha CATT.

### **SOILSE ÉIREANN**

7. Rinne an Chomhairle breithniú ar na forálacha sa Chomhaontú maidir le Forais Thuaidh/Theas a bhunú chun na feidhmeanna atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair ag Coimisinéirí Shoilse Éireann a aistriú go Coimisiún Soilse na Feabhaile, Loch Cairlinne agus Éireann. Aithníonn an Chomhairle anois saincheisteanna casta a bheith ag baint le haistriú dá leithéid agus d'iarr ar na hAirí agus na Ranna cuí, Thuaidh agus Theas, na féidearthachtaí comhroghnacha a fhiosrú ar bhonn práinne agus moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle.

### **COMHOIBRIÚ AR CHÚRSAÍ AE**

8. Rinne an Chomhairle plé ar chursaí AE agus bhreithnigh tuarascáil ó mheitheal oibre an AE. Agus tábhacht an Aontais Eorpaigh ag an dá dhlínse á haithint ag an Chomhairle, socraíodh gur féidir le hAirí, ag an chéad chruinniú eile den CATT i ngach earnáil, gné an AE den chomhoibriú Thuaidh/Theas san earnáil sin a phlé, agus gur chóir don mheitheal oibre measúnú foriomlán a chur chun tosaigh ar na saincheisteanna AE siúd is dóichí a thiocfaidh chun cinn. Déanfar tuilleadh machnaimh ar an dóigh ar féidir tuairimí na Comhairle a chur i láthair go cuí ag cruinnithe AE.

## **BACANNA AR SHOGLUAISEACHT**

9. Bhreithnigh an Chomhairle moltaí faoi Bhacanna ar Shoghluaiseacht Thrasteorann ar Oileán na hÉireann. Foilsíodh Staidéar ní ba luaithe sa bhliain a ullmhaíodh ag comhairleoirí ar an cheist agus rinneadh comhairliú poiblí leitheadach ina dhiaidh.
10. Thug an Chomhairle dá haire go sásta gur cuireadh i bhfeidhm cheana roinnt de na moltaí ó coimisiúnaíodh an staidéar agus ó rinneadh an próiseas comhairliúcháin. Mar fhreagairt ar mholtaí faoi dheacrachtaí maidir le teacht ar eolas ar cheisteanna a bhaineann le soghluaiseacht Thuaidh/Theas chomhaontaigh an Chomhairle ar Líonláithreán a bhunú, ar a mbeadh eolas cuimsitheach a bhféadfaí teacht go furasta air.
11. Shocraigh an Chomhairle chomh maith gur chóir do na Ranna Rialtais cuí breithniú a dhéanamh ar mholtaí in achair Oideachais agus Oibre, Sláinte, Pinsin agus moltaí feidhmithe mionsonraithe a chur chun tosaigh, costasú san áireamh.
12. D'aontaigh an Chomhairle chomh maith gur gá d'oifigigh ón dá riarachán tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar mholtaí eile.

## **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2001 NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS LENA FHOILSIÚ**

13. Thug an Chomhairle dá haire an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2001. Foilseofar an Tuarascáil seo gan mhoill.

## **OBAIR NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS**

14. Fuair an Chomhairle tuarascáil ar dhul chun cinn obair CATT ag cruinnithe i bhformáid earnálach ó Eanáir 2002. San fhormaid seo, casann Airí ón Tuaisceart agus ón Deisceart le chéile chun maoirseacht a dhéanamh ar an 12 Earnáil a aontaíodh ag an chéad chruinniú lomlánach in Ard Mhacha i Nollaig 1999. Chuala an Chomhairle tuarascálacha ar an obair luachmhar atá á déanamh sna hEarnálacha seo. Tá an dá thaobh ag súil le sochair shofheicthe bhreise á gcur ar fáil don dá dhlínse. Thug an Chomhairle dá haire gur tionóladh céad chruinniú fiúntach i bhFormáid Institiúideach i Nollaig 2001 agus tá sí ag súil go leanfar dá hobair san fhormaid seo.

## **PLÉ AR FHORBAIRT BHONNEAGAIR**

15. D'fháiltigh an Chomhairle roimh na moltaí ar fhorbairt bhonneagair atá á n-ullmhú ag an dá Riarachán.

## **FÓRAM PARLAIMINTEACH THUaidH THEAS**

16. Ag aithint di gur faoi Thionól Thuaisceart Éireann agus Thithe an Oireachtas atá aon fhorbairt a dhéanamh maidir le fóram comhparlaiminteach, bhreithnigh agus chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart d'oifigigh ón dá riarachán teagmháil a dhéanamh le hoifigigh sna hinstiúidí tofa agus tuairisciú don chéad chruinniú Iomlánach eile.

## **CÓIRÍOCHT DO CHOMHRÚNAÍOCHT CATT**

17. Thug an Chomhairle dá haire measúnú eacnamaíoch a rinneadh le déanaí de na roghanna le haghaidh cóiríochta do Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha agus chomhaontaigh gur chóir don dá riarachán na roghanna seo a mheas i gcomhar leis an fhoireann chomhfhiontair agus na roghanna seo a thabhairt chun tosaigh do chruinniú Comhairle amach anseo.

## **CLÁR DO CHRUIINNITHE CATT AMACH ANSEO**

18. Cheadaigh an Chomhairle an sceideal de chruinnithe CATT atá lena dtionól sna míonna amach romhainn.

## **LÍONLÁITHREÁN CATT Á SHEOLADH**

19. Sular thosaigh an cruinniú sheol an Céad-Aire, an LeasChéad-Aire agus an Taoiseach an líonláithreán don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Beidh an líonláithreán mar thúsphointe teagmhála dóibh siúd ar spéis acu tuilleadh eolais a fháil faoin Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus faoin obair atá ar siúl aici. Is féidir teacht ar an líonláithreán ag [www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)

## **AN CHÉAD CHRUINNIÚ EILE**

20. Chomhaontaigh an Chomhairle go mbeadh a céad chruinniú i bhformáid Iomlánach i dTuaisceart Éireann i Samhain 2002..

**Comhrúnaíocht**

**28 Meitheamh 2002**